An Roinn Tithíochta,
Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing,
Planning and Local Government

LÁNCHOSC 00:01, 17 Nollaig 2018

Seolann an tAire Phelan comhairliúchán poiblí ar nuachóiriú ar an bpróiseas don chlár toghthóirí

- Togra chun nósanna imeachta simplithe clárúcháin a thabhairt isteach lena n-áirítear rochtain roghnach ar líne
- Fíorú aitheantais níos fearr chun slándáil, cruinneas agus sláine a fheabhsú
- Bheadh na leasuithe atá beartaithe ar an nuachóiriú is suntasaí ar an bpróiseas clárúchán toghthóirí ó 1918
- Mairfidh an próiseas comhairliúcháin go dtí 15 Márta 2019

17 Nollaig 2018

Inniu (17 Nollaig 2018) sheol an tAire Stáit do Rialtas Áitiúil agus d'Athchóiriú Toghchán, John Paul Phelan, T.D., comhairliuchán poiblí ar shraith tograí chun an próiseas clárúcháin toghthóirí a nuachóiriú. Tá sé beartaithe próiseas clárúcháin simplithe a thabhairt isteach; líon na bhfoirmeacha iarratais a laghdú; clárúchán ar líne mar rogha ar chlárúchán ar pháipéar; agus an t-athrú ó chlárúchán ar bhonn teaghlaigh go clárúchán aonair. Tá sé beartaithe freisin go bhféadfaí úsáid a bhaint as Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) le fíorú aitheantais a dhéanamh. Eascraíonn na tograí seo as tiomantas sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta chun iniúchadh a dhéanamh ar an bpróiseas clárúchán toghthóirí.

Agus an comhairliúchán poiblí á sheoladh aige, dúirt an tAire Phelan: "D'oibrigh an córas reatha go maith agus leanfaidh sé ar aghaidh mar sin. Ach, tá sé mar aidhm leis na tograí seo, a bhfuiltear ag lorg tuairimí orthu, bealaí clárúcháin níos simplí ach atá fós slán a sholáthar do dhaoine. Bheadh na hathruithe seo, má chuirtear i bhfeidhm iad, ar an leasú is suntasaí ar an bpróiseas clárúchán toghthóirí ó 1918. Chomh maith le deireadh a chur leis na céimeanna iomarcacha a bhaineann le hiarratas le bheith ar an gclár toghthóirí, chuirfeadh na moltaí le cumas cruinneas an chláir a choinneáil suas chun dáta agus a idirghabháil in ainneoin athruithe in imthosca aonair.

"Trí líon na bhfoirmeacha difriúla clárúcháin a laghdú; trí ligean do dhaoine clárú ar líne; agus trí phróiseas clárúcháin ar bhonn leanúnach nó ar bhonn atrátha, bheadh an próiseas clárúcháin níos fusa le húsáid agus mar an gcéanna le córais i seirbhísí eile Stáit. Léiríonn na hathruithe seo athruithe ar shaol an lae inniu. Le clár cruinn a choinneáil, tá sé ríthábhachtach próiseas clárúcháin a bheith ann, a ghlacann agus a éascaíonn athruithe rialta seoltaí."

Áirítear ar na moltaí ar a bhfuil an tAire ag iarraidh an phobail a gcuid tuairimí:

1. **Próiseas clárúchán toghthóirí níos éifeachtaí agus níos simplí** le foirm amháin atá simplithe.

2. **Clárúchán ar bhonn atrátha nó leanúnach** - seachas na dréachtaí agus na leaganacha beo agus forlíontacha den chlár atá ann faoi láthair - cuirfidh an togra seo clár beo amháin ar fáil i gcónaí.

3. **Clárúchán ar líne a thabhairt isteach** mar **rogha** ar chlárúchán ar pháipéar - faoi láthair ní mór do dhaoine foirmeacha iarratais ar pháipéar a chomhlánú agus a chur chuig an údarás áitiúil.

4. **Clárúchán aonair amháin** - faoi láthair úsáidtear foirmeacha teaghlaigh agus d'fhéadfaí daoine a chur ar an gclár nó a gcuid sonraí clárúcháin a leasú gan cead sainréáite follasach.

5. **Bunachar sonraí do chlár náisiúnta singil toghthóirí a bhunú** le húsáid ag na húdaráis áitiúla go léir chun formáidí agus próisis sonraí a chaighdeánú; le cabhrú chun iontrálacha dúblacha a chosc nó a bhaint den chlár agus cosaint sonraí caighdeánaithe agus nósanna imeachta bainistíochta a chinntiú.

6. **Feabhas ar an gcóras le haghaidh fíorú aitheantais**, go bhféadfaí úsáid a bhaint as uimhreacha PSP chun an córas a dhéanamh níos éifeachtaí agus an gá le doiciméadú a thaispeáint ag stáisiún áitiúil Gardaí a íoslaghdú agus an seans go ndéanfar iontrálacha dúblacha nó leasuithe míchearta a íoslaghdú.

7. **An deis le comhroinnt faisnéise idir comhlachtaí poiblí agus údaráis clárúcháin toghthóirí chun sonraí a choinneáil.** I gcás comhroinnt faisnéise d'fhéadfaí sonraí seoltaí a uasdátú go huathoibríoch ar mhaithe le clárúchán toghthóirí, nuair a athraítear seoladh le comhlacht stáit eile.

Agus é ag labhairt ar an gcomhairliúchán poiblí, dúirt an tAire Phelan: "Rinneadh a lán de na tograí seo cheana, tháinig tograí ó Chomhchoiste an Oireachtais in 2016. Teastaíonn ón Rialtas tuairimí an phobail a fháil anois. Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin poiblí pléifidh agus tabharfaidh mo Roinn faisnéis do ghrúpaí a bhfuil suim ar leith acu sa réimse seo. Mholfainn do gach duine páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán faoin 15 Márta 2019.

"Ghlac údaráis áitiúla, atá freagrach as cláir toghthóirí a choinneáil, páirt cheana féin i gcomhairliúchán teicniúil ar na tograí. Bhí an t-aiseolas uathu an-úsáideach agus chuir sé bonn faoin bpáipéar atá á sheoladh agam inniu. Tá sé thar a bheith tábhachtach muinín a bheith ag an bpobal as aon leasú ar an bpróiseas clárúcháin toghthóirí agus bíonn tionchar ag an gcóras orainn uile. Cuirfidh toradh an phróisis comhairliúcháin seo bonn eolais faoi fhorbairt tograí mionsonraithe le cur chun feidhme. Sin é an fáth a molaim do dhaoine smaoineamh ar na tograí seo agus a gcuid tuairimí a thabhairt."

Ní mór aire a thabhairt freisin ar an tionscnamh Voter.ie atá á thabhairt faoi ag Comhairle Cathrach Baile Átha Cliath agus an Toinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, ina bhfuil moltaí forbartha acu maidir le córas feabhsaithe clárúcháin vótálaithe.

Is é aidhm an tionscnamh seo ná chun córas TF a thabhairt isteach chun éifeachtacht agus cruinneas Chlár na dToghthóirí a fheabhsú agus deis a thabhairt do dhaoine a gcuid sonraí a choimeád ar bun agus a nuashonrú ar líne ar a n-áisiúlacht féin.

CRÍOCH

Nótaí le haghaidh Eagarthóirí

- Is féidir leis an bpobal eolas a fháil ar na tograí ar www.registerreform.gov.ie
- Is féidir le daoine a gcuid tuairimí a thabhairt i ríomhphost chuig: registerreform@housing.gov.ie nó tríd an bpost chuig:

  An Comhairliúchán ar an Tionscadal Clárúcháin Toghthóirí

  An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

  Teach an Chustaim

  Baile Átha Cliath 1

  D01 W6X0

- Glacfar le freagairtí ar an gcomhairliúchán poiblí go dtí 15 Márta 2019.
- Táthar ag súil go dtógfaidh an próiseas chun an clár toghthóirí a nuachóiriú suas le 2-3 bliana le cur i gcrích.

- Tá plé déanta ar shaincheist an leasaithe ar an bpróiseas clárúcháin toghthóiri i roinnt tuarascálacha: tuarascálacha ó dhá chomhchoiste an Oireachtais (i 2008[1] agus 2016[2]) agus i dtuarascáil ó COBÁC i 2008[3]. Tá na tograí i ndoiciméad comhairliúcháin na Roinne iarrtha ag comhlachtaí éagsúla amhail an Cumann na mBainisteoirí Contae is Cathrach agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

- Éascóidh na feabhsuithe atá beartaithe clárúchán vótálaithe lasmuigh den Stát má thugtar ceart vótála i dtoghcháin uachtaránachta do shaoránaigh Éireannacha atá ina gcónaí thar lear. Tá reifreann ar an togra seo le bheith ann i mBealtaine 2019, i gcomhar leis na toghcháin áitiúla agus Eorpacha.

- Léirigh daonáireamh na bliana 2016 gur bhog 219,995 duine os cionn 15 bliana d'aois go teach eile sa bhliain roimhe sin, i gcomparáid le 74,001 i 1996. Dearadh na tograí seo agus na pointí sin san áireamh chomh maith le hathruithe déimeagrafacha eile in Éirinn.

Preasoifig
Teil: (01) 888 2638 (díreach)
(01) 888 2000
R-Phost:press@housing.gov.ie
Suíomh gréasáin:www.housing.gov.ie
Twitter:@HousingPress

[1] http://opac.oireachtas.ie/Data/Library3/Library2/DL044618.pdf
[2] http://www.oireachtas.ie/parliament/media/committees/archivedcommittees/environmentcultureandthegaeltacht/Report-on-Electoral-Commission-Final-20160113.pdf
[3] https://www.housing.gov.ie/sites/default/files/migrated-files/en/Publications/LocalGovernment/Voting/FileDownLoad%2C19472%2Cen.pdf